## B. Comhrá.

**Niamh:** Conas a bhí an cheolchoirm ag an deireadh seachtaine, a Shíofra?
**Síofra:** Ar fheabhas! Creid é nó ná creid, bhí mé díreach ar thaobh an stáitse.
**Niamh:** Ní chreidim thú! I ndáiríre?
**Síofra:** I ndáiríre! Féach ar na pictiúir a ghlac mé.
**Niamh:** Ó, a Dhia! Tá éad an domhain orm.
**Síofra:** Ní raibh na ceoltóirí ach cúpla méadar uainn.
**Niamh:** Thar barr! Cén duine is mó a thaitin leat?
**Síofra:** Ó, Stiofán Ó Súilleabhain gan dabht. Is ceoltóir iontach é.
**Niamh:** Ó, táim i ngrá leis! Is aoibhinn liom a cheol.
**Síofra:** Fán go gcloise tú é seo – labhair sé liom!
**Niamh:** Tá tú ag insint bréag anois. Ní chreidim thú!
**Síofra:** Sin an fhírinne. Ghlac mé pictiúr den bheirt againn!
**Niamh:** Tá sé sin dochreidte! Conas ar éirigh leat bheith ar thaobh an stáitse in aon chor?
**Síofra:** Ó, sin scéal eile!



## C. Conas a bhí...?

| | | | |
|---|---|---|---|
| an cluiche | an cheolchoirm | an fhéile | an scannán |
| Thar barr! | Go hiontach! | Ceart go leor. | Go dona! |



1. **Amit:** Conas a bhí an fhéile?
   **Liam:** Thar barr!



2. **Magda:** Conas a bhí an cluiche?
   **Seán:** Ceart go leor.



3. **Sinéad:** Conas a bhí an scannán?
   **Magda:** Go hiontach!



4. **Mam:** Conas a bhí an cheolchoirm?
   **Daid:** Go dona!

Conas a bhí an deireadh seachtaine agat?

## D. Éist agus cuir tic sa bhosca ceart. CD-39

1. Chuaigh Tomás go dtí ceolchoirm. ☐
   Chuaigh Tomás go dtí féile. ☑
   Chuaigh Tomás go dtí cluiche. ☐

2. Dar le Tomás, bhí an t-atmaisféar go hiontach. ☐
   Dar le Tomás, bhí an t-atmaisféar go dona. ☐
   Dar le Tomás, bhí an t-atmaisféar ar fheabhas. ☑

3. Bhí stallaí bia agus cluichí éagsula ann. ☑
   Bhí stallaí bia agus banna ceoil ann. ☐
   Bhí banna ceoil agus cluichí éagsúla ann. ☐

4. Bhuaigh Tomás an rás trí chos. ☐
   Bhuaigh Tomás duais ag stalla. ☑
   Bhuaigh Tomás an comórtas bácála. ☐

## E. Cuir snas ar na habairtí.

**Abairtí**




Bhí a lán daoine ann.

1. Bhí a lán daoine sa siopa. (slua mór)
2. Bhí a lán daoine ag an bhféile. (slua mór)
3. Bhí a lán daoine sa scuaine. (an) dubh le daoine
4. Tháinig a lán daoine chun an cluiche a fheiceáil. (slua mór)
5. Bhí a lán daoine sa staid. (an) plódaithe
6. Bhí a lán daoine ar an tsráid. (slua mór)

**Abairtí snasta**

Bhí **slua mór** ann.

Bhí an áit **plódaithe**.

Bhí an áit **dubh le daoine**.

1. Bhí slua mór sa siopa.
2. Bhí slua mór ag an bhféile.
3. Bhí an scuaine dubh le daoine
4. Tháinig slua mór chun an cluiche a fheicéail.
5. Bhí an staid plódaithe.
6. Bhí slua mór ar an tsráid.

Scríobh na nathanna thuas in abairtí.

## F. Briathra: An Aimsir Fháistineach – briathra neamhrialta.

**Téigh**



**Rachaidh** mé
**Rachaidh** tú
**Rachaidh** sé
**Rachaidh** sí
**Rachaimid** (sinn)
**Rachaidh** sibh
**Rachaidh** siad

An rachaidh?
Rachaidh / **Ní** rachaidh.

1. Rachaidh mé go dtí ceolchoirm Dé hAoine seo chugainn. (mé)
2. Rachaimid go dtí an fhéile mhór amárach. (sinn)
3. Ní rachaidh Seán suas ar an stáitse mar tá sé ró-neirbhíseach. (Seán)
4. An rachaidh tú go dtí an dochtúir má bhíonn tú tinn fós ar maidin? (tú)
5. Rachaidh sibh díreach go dtí barr na scuaine má bhíonn pasanna speisialta agaibh. (sibh)

*Scríobh trí abairt ag baint úsáid as an mbriathar thuas.*

| Abair | Beir | Bí | Clois | Déan |
|---|---|---|---|---|
| An ndéarfaidh? | An mbéarfaidh? | An mbeidh? | An gcloisfidh? | An ndéanfaidh? |
| Déarfaidh. | Béarfaidh. | Beidh. | Cloisfidh. | Déanfaidh. |
| Ní déarfaidh. | Ní bhéarfaidh. | Ní bheidh. | Ní chloisfidh. | Ní dhéanfaidh. |

| Faigh | Feic | Ith | Tabhair | Tar |
|---|---|---|---|---|
| An bhfaighidh? | An bhfeicfidh? | An íosfaidh? | An dtabharfaidh? | An dtiocfaidh? |
| Gheobhaidh. | Feicfidh. | Íosfaidh. | Tabharfaidh. | Tiocfaidh. |
| Ní bhfaighidh. | Ní fheicfidh. | Ní íosfaidh. | Ní thabharfaidh. | Ní thiocfaidh. |

**Síofra:** An rachaimid (téigh, sinn) go dtí an cheolchoirm i mí Iúil?

**Niamh:** Nílim cinnte. Ní bheidh (bí) mo mham sásta faoi sin. Déarfaidh (abair) sí nach bhfuil cead agam.

**Síofra:** Tiocfaidh (tar) mo mham linn. Feicfimid (feic, sinn) Na Cailíní Fiáine agus cloisfimid (clois, sinn) an t-amhrán nua ó Stiofán freisin.


**Niamh:** Ó, is aoibhinn liom Stiofán! B'fhéidir...

**Síofra:** Ithfimid (ith, sinn) ag an mbialann is fearr leat roimh an seó. déanfaidh (déan) mé t-léinte dúinn agus 'Tá mé i ❤ le Stiofán' scríofa orthu.

**Niamh:** Labhróidh mé le mo mham. Tabharfaidh (tabhair) sí cead dom, tá súil agam.

**Síofra:** Thar barr! Gheobhaidh (faigh) mé na ticéid Dé Sathairn.

## G. Gramadach: Uatha agus iolra '+i'

| Uatha | Iolra |
|---|---|
|  crann |  crainn |
|  leabhar |  leabhair |
|  bronntanas |  bronntanais |

1. Ar maidin, ní raibh ach **scamall** amháin sa spéir ach bhí sí lán de **scamaill** sa tráthnóna.
2. Ghlac Seán **pictiúr** amháin den bhanna. Ghlac Síofra _pictiúir_ den bhanna agus den slua.
3. Bhí **cnoc** amháin níos airde ná na _cnoic_ eile.
4. D'ith Síofra **milseán** amháin agus d'ith Oisín na _milseáin_ eile.
5. Fuair Oisín **rothar** agus fuair Seán agus Síofra _rothair_.
6. Chuir Aoife a hainm ar a **camán** mar bhí sé cosúil leis na _camáin_ eile.

Scríobh na focail seo san iolra: a. capall b. scannán c. bord

## H. Na fuaimeanna: 't' agus 'th'. Roghnaigh na litreacha cearta.

 a ticéad

 a thicéad

| | | | |
|---|---|---|---|
|  pic_t_iúr |  blá_th_ |  ceol_t_óir |  ri_th_ sí |

Bhí an ái_t_ plódai_th_e.

Sheas siad ar _t_aobh an s_t_ái_t_se.

Bhí an cheolchoirm cear_t_ go leor.

Bhí an cheolchoirm _th_ar barr!

Scríobh trí fhocal eile leis an bhfuaim 't' agus trí fhocail eile leis an bhfuaim 'th'.

## 1. Scríobh smaointe na gcarachtar.

Tá siad chomh hard. | Tá sé seo chomh greannmhar. | Beag an seans, a Sheáin! | Buafaidh mé gan dabht. | Tá mé chomh láidir.

Daid: Tá mé fliuch báite!


Mam: Tá sé seo chomh greannmhar.

Seán: Buafaidh mé gan dabht!

Síofra: Beag an seans, a Sheáin!

Oisín: Tá mé chomh láidir.

Daithí: Tá siad chomh hard.




is aoibhinn liom | ní maith liom | an cheolchoirm seo | an t-amhrán seo | go hiontach | thar barr | ar fheabhas | compordach

Síofra: Tá an cheolchoirm seo thar barr!

Seán: Is aoibhinn liom an t-amhrán seo!

Liam: Tá an t-amhrán seo go hiontach!

Daid: Ní maith liom an cheolchoirm seo!

